

# ARISTOTAL AGUS A BHEAN.

Séard a bhí in Aristotal fear a bhí ag déanamh leabhair agus bhí sé ina mháigistit ar chuile rud sa tír ina raibh sé. Ní raibh sé a moladh na mban cor ar bith ins na leabhra. Níor thaitnigh na mná cor ar bith leis. Tháinig cailín beag sé bliana déag chuige le na bhéile chuige. Ní bhíodh duine ar bith ina theach ach é féin agus bhí leabha an taobh eile den bhord agus nuair a bhí an beile leagtha ar an mbord aice chaith sí í féin isteach sa leabaidh ar chúl a cinn agus thosuigh ag cluicheadh.

Déirigh Aristotal agus rug sé uirthi agus thosuigh sise ag béicighil riocht is gur chuala an mhuintir taobh amuigh iad agus thainig siad isteach orthab. An chéad duine a tháinig isteach sé an nós raibh sí (an cailín) bhí sí taobh thiar d'Aristotal dá bualad ar an druim ag ceapadh gur dá tachtadh a bhí sé gur go raibh sise ag iarraidh an greim a bhí ina muineál a cur amach tar a bhéal.

Nuair ghabh an mhuintir a tháinig isteach amach, anois adeir Aristotal caithfidh tú mé a phósadh. Ní bheidh aon bhean agam choidhin ach tú. Níl aon bhean eile chomh críonna leat.

Phós sé annsin í. Bhí siad in éinfeacht go raibh beirt chlainne aice. Beirt gasúirí. Bhí fear ar an mbaile a raibh láir aige agus fear a raibh giarrán aige. Bhí searrach ag an láir agus bhí na trí cinn ann ag imteacht in éinfeacht agus tar éis tamall thosuigh an searrach ag imteacht leis an ngearrán, leis an ngearran bhfearr leis a bheith ag imteacht. Thosuigh fear an ghearráin dhá choinnéal agus chuir fear na láireach dligheadh air agus bhíodar féin i sgliúchas le chéile faoi.

Nuair a ghabh siad chun na cúirte séard mholl an iúistís é fhágáil faoi Aristotal pé bí breitheamhnas a dhéanfadh sé eatrob. Nuair fágadh an chúirt faoi Aristotal sé an nós a rinne seisean breitheamhnad an láir an gcarran agus an searrach chur isteach i dteach a mbeadh dhá dhorus air na doirse a fhosgailt agus an giarrán agus an lair a chur amach in éinfeacht cean aca is gach dorus agus pé bí ceann aca a leanfhadh an searrach é bheith aige.

Lean an searranc an gearrán. Bhí an searrach ag fear an ghearráin annsin faoi chean cúpla lá casadh bean Aristotal do fhear na láireach ar an mbóthar a nach suarach a caill tú do shearach adeir sí leis agus fios ag chuile dhuine go mba leat é. Bím buidheach det'fhear adeir sé sé a bhain díom é. Bhéidir go gcuirfinn sa riocht thú is go bhfuighfea aríst é.

Tá lochán annsin thiar beidh Aristotal ag dul thart siar agus tabhair leat slat agus bí ag iasgach ann roimhe. Níor mharbuigheadh breac ar an lochán sin ariamh adeir sí. Déarfaidh seisean leat gur mór an dithcéille duit a bheith ag iasgach ar an lochán sin nár marbuigheadh aon bhreac ariamh ann. Déarfaidh tusa leis lugha an t-iongantas breac a bheith sa lochan na searrach a bheith ag giorrán.

Is lugha adeir Aristotal. Rinne mé an méid sin contráilte. Teirigh thusa chomh fada le fear an ghiorráin agus abair leis an searrach a thabhairt duit no mara dtuga go racaidh mé féin chomh fada leis go dtogaidh mé uaidh é. Chuaidh an fear láireach comh fada le fear an ghearráin agus thug sé an searrach dhó.

Nuair a tháinig Aristotle isteach ag á n-a bhean dubhairt sé léithe go raibh sí a briseadh a dhlighe agus go gcaifeadh sí imtheacht . Dubhairt sí go n-imteochadh ach caithfidh tú mo thrí shean- ualach a tiubhairt dom sul má imtighim tiubharfad adeir sé.

Bhí beirt pháistí aice thug sí ceann ar a druim agus ceann ina gabhail agus dhfága sí amuic ar an mbothar iad. Tháinig sí isteach annsin agus dubhairt sí leis a sean ualach airgid a thabhairt dí líon sé suas mála mór óir is airgid agus d'árduigh sé suas uirthé é. Dfága sí amuic ar an mbóthar é agus tháinig sí isteach aríst.

Tá sé chomh maith duit féin anois dul ar mo dhruim go dtuga mé liom thú . Ó teara isteach aríst tú féin is na páistí. Má théidimse leat nach mbeidh an teach fagtha bánuighthe. Chinn na mná ar chuile dhuine ariamh agud chinn tusa ar Aristotle. Tháinig sí isteach í féin agus na páistí.

10/7/30.